Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**10557/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0205(NLE)**

**ECOFIN 653**
**UEM 180**
**FIN 698**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Meitheamh 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 314 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1355 lena dtugtar tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 don Rómáin chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandala ag eascairt as ráig COVID-19 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 314 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 314 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 20.6.2022
COM(2022) 314 final

2022/0205 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1355 lena dtugtar tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 don Rómáin chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála ag eascairt as ráig COVID-19**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Leagtar síos le Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle ('Rialachán SURE') an creat dlíthiúil chun cúnamh airgeadais ón Aontas a sholáthar do na Ballstáit, atá faoi shuaitheadh eacnamaíoch tromchúiseach, nó a bhfuil dianbhagairt orthu, de bharr ráig COVID-19. Maoinítear leis an tacaíocht faoi SURE, go príomha, scéimeanna oibre gearr-ama nó bearta comhchosúla atá dírithe ar fhostaithe agus daoine féinfhostaithe a chosaint agus ar an gcaoi sin an dífhostaíocht agus an caillteanas ioncaim a laghdú, chomh maith le roinnt beart a bhaineann leis an tsláinte, go háirithe san áit oibre, a mhaoiniú, mar chuid choimhdeach.

An 7 Lúnasa 2020, d'iarr an Rómáin cúnamh airgeadais ón Aontas agus an 25 Meán Fómhair 2020, lena Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1355, dheonaigh an Chomhairle cúnamh airgeadais don Rómáin d'fhonn cur leis na hiarrachtaí náisiúnta atá ar siúl aici chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ráig COVID-19 agus chun freagairt d'iarmhairtí socheacnamaíocha na ráige a bheidh ann d'oibrithe agus do na daoine féinfhostaithe.

An 26 Bealtaine 2022, d'iarr an Rómáin ar an Aontas cur le liosta na mbeart i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1355 ón gComhairle.

I gcomhréir le hAirteagal 6(2) de Rialachán SURE, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le húdaráis na Rómáine chun fíorú a dhéanamh maidir leis an mórmhéadú tobann ar chaiteachas iarbhír agus ar chaiteachas pleanáilte a bhaineann go díreach le bearta maidir le margadh saothair na Rómáine agus bearta a bhaineann leis an tsláinte, ar bearta iad atá ann mar thoradh ar phaindéim COVID-19. Go háirithe, baineann na bearta sin le cumasc de bhearta nua agus de bhearta atá ann cheana dá dtagraítear i gCinneadh (AE) 2020/1355 ón gComhairle:

(a) an scéim atá ann cheana a sholáthraíonn sochar d'fhostaithe de chuid fostóirí a laghdaíonn nó a chuireann isteach ar a ngníomhaíocht go sealadach i ngeall ar éifeachtaí ráig COVID-19. Déantar an sochar a theorannú ag 75 % de bhuntuarastal na bhfostaithe sin (ach gan é a bheith os cionn 75 % den mheán-ollphá sa gheilleagar). Rinneadh an beart sin a shíneadh chun fad na staide éigeandála a chumhdach go dtí mí an Mhárta 2022.

(b) leis an scéim oibre gearrthéarmach atá ann cheana, is féidir leis an bhfostóir uaireanta oibre na bhfostaithe a laghdú suas le 50 %, ach sin i gcás laghdú sealadach gníomhaíochta i ngeall ar an staid éigeandála nó ar an bhfoláireamh. Le linn na tréimhse ina laghdaítear na huaireanta oibre, na fostaithe a ndéantar difear dóibh, baineann siad tairbhe as slánaíocht de 75 % den difríocht idir an t-ollphá le haghaidh gnáthuaireanta oibre agus a dtuarastal iarmhír. Rinneadh an beart sin a shíneadh chun mí Mheithimh 2022 a chumhdach, 3 mhí tar éis dheireadh na staide éigeandála.

(c) I gcás na bhféinfhostaithe agus na ngairmeacha beatha liobrálacha, rinneadh an dá bheart a bhí ann cheana a shíneadh. I dtaca leo sin a d'éirigh as an obair go hiomlán i ngeall ar éifeachtaí ráig COVID-19, soláthraíonn an Stát socaar 75 % den mheán-ollphá i ndáil le fad na staide éigeandála go dtí mí an Mhárta 2022. I dtaca leo sin a laghdaigh a gcuid uaireanta oibre, solathraíonn an Stát sochar suas le 41.5 % den mheán-ollphá go dtí mí Mheithimh 2022, 3 mhí tar éis dheireadh na staide éigeandála.

(d) an liúntas tacaíochta d'oibrithe laethúla a scor de bheith ag obair mar thoradh ar ghníomhaíochtaí gnólachta a bheith curtha ar athló i ngeall ar éifeachtaí ráig COVID-19, faigheann siad 35 % den tuarastal dlite in aghaidh an lae oibre, ar feadh tréimhse uasta 3 mhí. Rinneadh an beart sin a shíneadh chun mí Mheithimh 2022 a chumhdach, 3 mhí tar éis dheireadh na staide éigeandála.

(e) an bónas cúraim leanaí atá ann cheana a dheonaítear d'fhostaithe an chórais náisiúnta cosanta, na bpeannadlann, na n-aonad sláinte poiblí agus do chatagóirí eile na hearnála poiblí arna mbunú trí orduithe ón Aire. Gheofar an sochar ar chionníoll nach bhfuil an tuismitheoir eile ag baint tairbhe as cearta malartacha lena ndeonaítear laethhanta saoire do thuismitheoirí le haghaidh maoirseacht a dhéanamh ar pháistí ma tharlaíonn dúnadh sealadach na n-aonad oideachais. Is féidir an beart sin a mheas a bheith comhchosúil le sceimeanna oibre gearrthéarmacha, dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2020/672, mar soláthraíonn se tacaíocht ioncaim d'fhostaithe, rud a chuideoidh le costais cúraim leanaí a chumhdach le linn dúnadh scoileanna agus, dá bhrí sin, cuideoidh sé le tuismitheoirí leanúint de bheith ag obair, rud a sheachnódh caidreamh fostaíochta a chur i mbaol. Rinneadh an beart sin a shíneadh amach go deireadh na scoilbhliana 2021-2022 agus a leathnú chun fostaithe san earnáil phríoobháideach a chur san áireamh.

(f) an beart nua arb é atá ann sochar saoire breoiteachta a dheonaítear do dhaoine faoi choraintín agus do dhaoine a fuair diagnóis ina léirítear go bhfuil infhabhtú COVID-19 orthu. An tsaoire agus an tslántíocht sin le haghaidh coraintíne, deonaítear iad ar na daoine faoi árachas nach bhfuil cead acu leanúint dá ngníomhaíocht, i ngeall ar amhras maidir le galar tógálach a bheith orthu, ar feadh an fhaid a bhunaítear leis an deimhniú arna eisiúint ag an stiúrthóireacht sláinte poiblí.

(g) an beart nua arb é atá ann tacaíocht airgeadais aonuaire de RON 2 500 d'fhostóirí i ndáil le gach teile-oibrí chun na pacáistí earraí agus seirbhísí teicneolaíochta is gá le haghaidh gníomhaíochtaí teile-oibre. Tá feidhm ag an mbeart maidir le fostóirí a ndearna a gcuid fostaithe teile-obair le linn na staide éigeandála ar feadh 15 lá oibre ar a laghad in 2020. Is féidir an beart sin a mheas a bheith comhchosúil le sceimeanna oibre gearrthéarmacha, dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2020/672, i ngeall ar an gcuspóir is aidhm dó agus a éifeacht eacnamaíoch. Trí theilea-obair a éascú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19, cuidíonn sé chun an caidreamh fostaíochta a chaomhnú. Soláthraíonn sé tacaíocht ioncaim freisin d'fhostaithe,i bhfoirm sochar beag breise, rud a chuidíonn le costais caiteachais na hoifige baile a chumhdach agus a fhágann gur féidir an obair sa dhéanamh le linn na dianghlasála agus na sriantaí a tháinig ina diaidh.

(h) an bónas atá ann cheana i ndáil le hobair bhreise d'fhoireann na struchtúr speisialtachtaí de chuid Institiúid na Sláinte Poiblí Náisiúnta agus stiúrthóireachtaí sláinte poiblí na tíre agus/nó stiúrthóireacht sláinte poiblí Bhúchairist, cuireadh síneadh leis in 2020, 2021 agus 2022. Tá an beart sin i bhfeidhm fós fad agus atá COIVID-19 incháilithe mar phaindéim domhanda dar leis an Eagraíocht Sláinte Domhanda.

(i) an bónas de suas le 30 % de thuarascal pearsanra leighis atá ann cheana i ndáil le dálaí oibre thar a bheith contúirteacha, pearsanra leighis a ghlacann páirt sna gníomhaíochtaí leighis in aghaidh COVID-19. Bhí an beart i bhfeidhm idir mí an Mhárta 2020 go mí Lúnasa 2020. Rinneadh an beart a leathnú chun an fhoireann a bhí freagrach as na mbearta sláintíochta a chur san áiremamh faoin Aireacht Gnóthaí Inmheánacha a fhorfheidhmiú.

(j) an beart nua arb é atá ann bónas idir 30 % agus 40 % den bhuntuarastal arna dheonú do phearsanra stiúrthóireachtaí sláinte poiblí na tíre agus stiúrthóireacht sláinte poiblí Bhúcharist.

(k) an beart nua arb é atá ann liúntas iasachta de 50 % den bhuntuarastal maille le bónas laethúil de 2 % de do speisialtóirí leighis, do phearsanra paramhíochaine agus ccúnta sa chóras poiblí. Deonaítear an liúntas don fhoireann ar iasacht, i gcásanna riosca paindéimeolaíoch nó bitheolaíoch ar feadh tréimhse 30 lá, d'aonaid sláinte ina bhfuil easnaimh foirne agus atá freagrach as leathnú COVID-19 a theorannú agus a chosc.

(l) an beart nua arb é atá ann costais tuarastail a mhaoinú go sealadach, costais a bhfuil baint acu le 2 000 post nua a oscailt chun na stiúrthóireachtaí sláinte agus na seirbhísí otharchairr a athneartú (1 000 i ngach ceann), chun frithghníomhú in aghaidh leathnú COVID-19.

(m) an beart nua arb é atá ann bónas a dheonú de idir 75 % agus 85 % den bhuntuarastal don phearsanra leighis speisialtachta agus don phearsanra leighis cúnta ó aonaid sláinte phoiblí nó struchtúir díobh agus do phearsanra speisialtachta ó na struchtúir leighis pharaichliniciúil a bhfuil baint dhíreach acu le hiompar, trealamh, measúnú, diagnóis agus cóir leighis othar a bhfuil diagnóis faighte acu ina léirítear go bhfuil COVID-19 orthu.

(n) an beart nua arb é atá ann íocaíocht an phearsanra leighis slántaíochta agus na gcláraitheoirí a dhéanann a ngníomhaíocht laistigh de na lárionaid vacsaíní COVID-19 arna n-eagrú in áiteanna nach bhfuil sna haonaid sláinte. Rinne an beart caiteachais reatha agus caipitil chun na lárionaid a chur ag oibriú (lárionaid arna n-eagrú in áiteanna nach saoráidí sláinte iad).

(o) an beart nua arb é atá ann íocaíocht an phearsanra leighis slántaíochta agus na gcláraitheoirí leighis a dhéanann a ngníomhaíocht laistigh de na lárionaid vacsaíní COVID-19 arna n-eagrú in áiteanna nach bhfuil sna haonaid sláinte.

(p) an beart nua arb é atá ann ceannach dáileog vacsaíní COVID-19 a mhaoinú in 2021.

(q) an beart nua arb é atá ann liúntais ghinearalta (amhail bia, lóistín, iompar, cógais) le haghaidh coraintín daoine a bhfuil diagnóis faighte acu ina léirítear go bhfuil COVID-19 orthu i limistéir ainmnithe, daoine atá luaite ar an liosta arna bhunú trí Mhodheolaíocht Faireachais COVID-19 agus pearsanra leighis a bhfuil diagnóis faighte acu ina léirítear go bhfuil COVID-19 orthu ach nach gá dóibh fanacht in oispidéal nó pearsanra a raibh idirghníomhaíocht acu le hothair agus a roghnaíonn fanacht ar shiúl ón mbaile.

(r) 2 bheart nua arb é atá iontu ceannach cógais le haghaidh cóir leighis COVID-19 (Remdesivir agus cógais antasubstainte mhonachlónacha ina bhfuil Casirivimab agus Imdevimab).

(s) an beart nua arb é atá ann ceannach cógas le haghaidh cóir leighis a chur ar othair a bhfuil infhabhtú COVID-19 orthu (Tocilizumabum).

(t) an beart nua arb é atá ann soláthar dreasachtaí (i bhfoirm dearbhán béiltí ar mhéid RON 100) do dhaoine a bhhfuil an scéim iomlán vacsaíní glactha acu.

(u) an beart nua arb é atá ann méadú sealadach 30 % ar an mbuntuarastal do bhaill foirne institiúidí an mhaoir a raibh baint acu le héifeachtaí COIVID-19 a chosc agus a chomhrac le haghaidh na tréimhse idir mí Lúnasa 2020 go dtí mí Feabhra 2021.

(v) an beart nua arbé atá ann caiteachais chun 200 dochtúr cónaithe breise a bhfuil gá leo le cois na paindéime.

(w) an beart nua arb é atá ann ceannach táirgí leighis agus treallamh cosanta pearsanta le haghaidh an chomhraic in aghaidh na paindéime (e.g. coisbhearta cosantacha, miotóga, maisc, gaothairí, sínteáin, etc.) chun stoic leighis a bhunú agus a chomhdhlúthú.

(x) an beart nua arb é atá ann ceannach ábhar cosanta slántaíochta d'fhostaithe na hAireachta Gnóthaí Inmheánacha.

(y) an beart nua arb é atá ann na híocaíochtaí le mic léinn deonacha leighis a d'oibrigh thar ceann oispidéil/institiúidí cúraim sláinte chun tacaíocht éigeandála a sholáthar.

(z) 2 bheart nua arb é atá iontu ceannach táirgí cógaisíochta atá le húsáid le haghaidh cóir leighis a chur ar othair COVID-19 a bhfuil géarshiomptóim orthu (ANAKINRA, MOLNUPIRAVIR).

(aa) an beart nua arb é atá ann costais a bhaineann le tástál COVID-19 a mhaoiniú. seirbhísí tástála RT-PCR i saotharlanna arna maoiniú faoin gClar Náisiúnta um Faireachas agus Rialú ar Ghalair Theagmhálacha Tosaíochta, seirbhísí a dhéantar ar chatagóirí de dhaoine aonair arna mbunú tríd an Modheolaíocht Faireachais nua um Ghéarshiondróim Anála COVID-19 nó trí ordú a fháil ón Aire Sláinte.

(bb) an beart nua arb é atá ann tástál COVID-19 a dhéanann dochtúirí teaghlaigh a mhaoiniú chun infhabhtuithe COVID-19 a bhrath. An obair thástála a dhéanann dochtúirí teaghlaigh, maoinítear í trí aistrithe ón mbuiséad Stáit, trí bhuiséad na hAireachta Sláinte chuig buiséad an Chiste um Árachas Sláinte Aonair náisiúnta.

Chuir an Rómáin an fhaisnéis ábhartha ar fáil don Choimisiún.

Agus an fhianaise atá ar fáil á cur san áireamh, molann an Coimisiún don Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme a ghlacadh chun cur le liosta na mbeart ar dheonaigh an Chomhairle cúnamh airgeadais ina leith cheana féin i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1355 ón gComhairle.

An beart nua maidir le saoire bhreoiteachta arna deonú do dhaoine faoi choraintín agus do dhaoine a bhfuil diagnóis faighte acu ina léirítear go bhfuil infhabhtú COVID-19 orthu, meastar é a bheith comhchosúil le scéimeanna oibre gearr-ama, i ngeall ar a éifeachtaí, ó thaobh an conradh fostaíochta a chosaint, tacaíocht ioncaim a sholáthar agus ó tharla go bhfuil baint aige le paindéim COVID-19.

Is é EUR 2 141 579 582 an méid atá sna bearta a bhaineann leis an tsláinte, de réir mar a d'iarr an Rómáin, lena n-áirítear na bearta sláinte breise a iarradh an 26 Bealtaine 2022. I bhfianaise an ghá le cineál cabhrach an chatagóra beart sin a áirithiú, is gá méid an chúnaimh airgeadais a thacaíonn le bearta a bhfuil baint acu le sláinte a laghdú mar gur cheart é a bheith níos lú na leath an chúnaimh airgeadais iomláin a bheartaítear a chaitheamh ar gach beart incháilithe.

Ina theannta sin, tar éis iarraidh a fháil ón Rómáin, laghdaítear an cúnamh airgeadais a dheonaítear le Cinneadh Cur Chur Chun Feidhme (AE) 2020/1355 ó EUR 4 099 244 587 go EUR 3 000 000 000. Tá an Rómáin tiománta fós don chúnamh airgeadais arna dheonú a ionsú agus ba cheart di bearta incháilithe breise a shainaithint i gcás gur amhlaidh nach mbeidh na bearta a áirítear sa togra seo leormhaith.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra seo go hiomlán comhsheasmhach le Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle, faoina ndéantar an togra.

Cuireann an togra seo le hionstraim dlí eile de chuid an Aontais chun tacaíocht a sholáthar do Bhallstáit i gcás éigeandálaí, mar atá Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle an 11 Samhain 2002 lena mbunaítear Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh(CDAE) ('Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002'). Glacadh Rialachán (AE) 2020/461 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Márta 2020, lena leasaítear an ionstraim sin chun a raon feidhme a shíneadh chun go gcumhdófar móréigeandálaí sláinte poiblí agus chun oibríochtaí sonracha is incháilithe do mhaoiniú a shainiú.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra seo ina chuid de réimse beart arna fhorbairt mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19 atá ann faoi láthair, amhail 'an Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas', agus comhlántar leis ionstraimí eile a thacaíonn le fostaíocht amhail Ciste Sóisialta na hEorpa agus Ciste na hEorpa d'Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS)/InvestEU. Trí úsáid a bhaint as iasachtaí a fháil agus a thabhairt ar mhaithe le tacú leis na Ballstáit i gcás áirithe seo na ráige de COVID-19, is togra é seo atá mar bheart cosanta tánaistí chun scéimeanna oibre gearr-ama agus bearta comhchosúla a mhaoiniú, rud a chuideoidh le poist a chosaint agus, ar an gcaoi sin, fostaithe agus daoine féinfhostaithe a chosaint ar riosca na dífhostaíochta.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle is bunús dlí don ionstraim seo.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Leanann an togra seo iarraidh ó Bhallstát agus léirítear ann dlúthpháirtíocht na hEorpa trí cúnamh airgeadais an Aontais a chur ar fáil i bhfoirm iasachtaí sealadacha do Bhallstáit a bhfuil ráig COVID-19 ag dul i bhfeidhm orthu. Mar bheart cosanta tánaistí, is amhlaidh is tacaíocht é do chaiteachas poiblí méadaithe an rialtais, tacaíocht shealadach i leith scéimeanna oibre gearr-ama agus bearta eile den chineál sin, rud is cúnamh dóibh i gcosaint na bpost agus dá réir sin i gcosaint na bhfostaithe ar riosca na dífhostaíochta agus caillteanais ioncaim.

Leis an tacaíocht sin, cuideofar leis an bpobal atá buailte agus leis an tionchar díreach sochaíoch agus eacnamaíoch a d'eascair as géarchéim COVID-19 seo a mhaolú.

- **Comhréireacht**

Urramaítear leis an togra seo prionsabal na comhréireachta. Ní théann sé thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí na hionstraime a bhaint amach.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Mar gheall ar an bpráinn a bhaineann leis an togra a ullmhú ionas go bhféadfaidh an Chomhairle é a ghlacadh go tráthúil, ní fhéadfaí comhairliúchán a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara.

- **Measúnú tionchair**

Ós togra práinneach é an togra, ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ba cheart go bhféadfadh an Coimisiún iasachtaí a chur i gconradh ar na margaí airgeadais, beart arb é críoch a bheadh leis na hiasachtaí sin a ligean chomh fada leis an mBallstát a d'iarr cúnamh airgeadais faoi scáth ionstraim SURE.

Mar aon le soláthar ráthaíochtaí na mBallstát, tá coimircí eile ina mbunchuid den chreat ionas gur scéim í a bheidh daingean ó thaobh an airgeadais de:

- Cur chuige dian coimeádach i leith na bainistíochta airgeadais;
- Déanamh a bheith ar an bpunann iasachtaí lena dteorannaítear riosca comhchruinnithe, neamhchosaint bhliaintúil agus neamhchosaint iomarcach do Bhallstáit aonair agus lena n-áirithítear ag an am céanna gurbh fhéidir acmhainní leordhóthanacha a thabhairt do na Ballstáit is mó a bhfuil gá acu leo; agus
- Féidearthachtaí a bheith ann leis na fiacha a thar-rolladh.

2022/0205 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1355 lena dtugtar tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 don Rómáin chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála ag eascairt as ráig COVID-19

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle an 19 Bealtaine 2020 maidir le bunú ionstraime Eorpaí le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE) ag eascairt as ráig COVID-19[1], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Mar thoradh ar iarraidh ón Rómáin an 7 Lúnasa 2020, thug an Chomhairle, trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1355[2], cúnamh airgeadais don Rómáin i bhfoirm iasachta ar luach uasmhéid EUR 4 099 244 587 í le meánaibíocht uasta 15 bliana, d'fhonn iarrachtaí náisiúnta na Rómáine a chomhlánú chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ráig COVID-19 agus chun freagairt d'iarmhairtí socheacnamaíocha na ráige sin d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe.

(2) Bheartaigh an Rómáin an iasacht a úsáid chun na scéimeanna oibre gearr-ama, bearta comhchosúla agus bearta a bhaineann leis an tsláinte a mhaoiniú, dá dtagraítear in Airteagal 3 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1355.

(3) Níl cuid shuntasach den fhórsa saothair sa Rómáin in ann dul ag obair de dheasca ráig COVID-19. Is é a tháinig as sin mórmhéadú tobann ar chaiteachas poiblí sa Rómáin i leith bearta nua, eadhon iad siúd dá dtagraítear in aithrisí (11), (12) agus (16) go (34), agus bearta dá dtagraítear in Airteagal 3 (a), (c), (d), (e), (f), (g), (h) agus (i) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1355.

(4) Bhí tionchar suntasach ar an airgeadas poiblí ag ráig COVID-19 agus ag na bearta urghnácha a chuir an Rómáin i bhfeidhm in 2020, 2021 agus 2022 chun srian a choinneáil ar an ráig sin, agus ag na tionchair shocheacnamaíocha agus sláinte lena mbaineann, agus tá fós. In 2020, bhí easnamh rialtais ghinearálta agus ollfhiachas rialtais 9.3 % agus 47.2 % den olltáirgeacht intíre (OTI) faoi seach ag an Rómáin, a d'athraigh ó 7.1 % go 48.8 % ag deireadh 2021. Dé réir réamhaisnéis earraigh 2022 ón gCoimisiún, measfar go mbeidh easnamh rialtais ghinearálta agus ollfhiachas rialtais 7.5 % agus 50.9 % den olltáirgeacht intíre faoi seach ag an Rómáin faoi dheireadh 2022. Tuartar go dtiocfaidh méadú 2.6 % ar OTI na Rómáine in 2022.

---

1 IO L 159, 20.5.2020, lch. 1.

2 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1355 ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2020 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 don Rómáin chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú san éigeandáil tar éis ráig COVID-19, IO L 314, 29.9.2020, lch. 55.

(5) An 26 Bealtaine 2022, d'iarr an Rómáin ar an Aontas liosta na mbeart ar deonaíodh cúnamh airgeadais ina leith cheana féin i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1355 ón gComhairle a shíneadh d'fhonn cur leis na hiarrachtaí náisiúnta arna ndéanamh in 2020 chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ráig COVID-19 agus chun freagairt d'iarmhairtí socheacnamaíocha na ráige d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe. Go sonrach, rinne an Rómáin sraith scéimeanna oibre gearr-ama agus bearta comhchosúla a leagtar amach in aithrisí (6) go (12) a thabhairt isteach agus a leathnú tuilleadh.

(6) Le 'Reacht Éigeandála Rialtais 30/2020'[3], dá dtagraítear in Airteagal 3(a) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1355, soláthraítear sochar d'fhostaithe fostóirí a laghdaítear nó a gcuirtear isteach go sealadach ar a ngníomhaíocht de bharr thionchair ráig COVID-19. Cuirtear teorainn leis an sochar ag 75 % de bhuntuarastal na bhfostaithe sin (ach ní bheidh sé níos mó ná 75 % den mheán-ollphá sa gheilleagar) ar feadh fad tréimhse na staide éigeandála. Cuireadh síneadh leis an mbeart le 'Reacht Éigeandála Rialtais 111/2021'[4] agus le 'Reacht Éigeandála Rialtais 2/2022'[5] go dtí mí an Mhárta 2022.

(7) Le 'Reacht Éigeandála Rialtais 132/2020'[6], dá dtagraítear in Airteagal 3(c) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1355, tugadh isteach scéim oibre gearr-ama, faoina bhféadfadh an fostóir uaireanta oibre na bhfostaithe a laghdú suas le 50 % i gcás laghdú sealadach gníomhaíochta de dheasca na staide éigeandála nó an fholáirimh. Le linn thréimhse an laghdaithe ama oibre, baineann fostaithe leas as slánaíocht 75 % den difríocht idir an t-oll-phá do ghnáthuaireanta agus a dtuarastal iarbhír. Leasaíodh an beart agus cuireadh síneadh leis tríd an 'Dlí 58/2021'[7] go dtí mí an Mheithimh 2022, 3 mhí tar éis dheireadh na staide éigeandála.

(8) Le 'Reacht Éigeandála Rialtais 30/2020'[8], Airteagal 15 agus 'Reacht Éigeandála Rialtais 132/2020'[9], Airteagal 3, dá dtagraítear in Airteagal 3(d) agus (e) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1355, tugadh isteach dhá bheart le haghaidh daoine féinfhostaithe agus saorghairmeacha. Soláthraíonn an Stát sochar 75 % den mheán-ollphá dóibh siúd a scorann de bheith ag obair go hiomlán de dheasca thionchair ráig COVID-19 ar feadh fad tréimhse na staide éigeandála. Soláthraíonn an Stát sochar suas le 41.5 % den mheán-ollphá go dtí mí an Mheithimh 2022, 3 mhí tar éis dheireadh na staide éigeandála, dóibh siúd a laghdaíonn a n-uaireanta oibre. Maidir leis an gcéad bheart, dá dtagraítear in Airteagal 3(d) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1355, síneadh é le 'Reacht Éigeandála Rialtais 111/2021'[10] agus le 'Reacht Éigeandála Rialtais 2/2022'. Maidir leis an dara beart, dá dtagraítear in Airteagal 3(e) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1355, síneadh é le 'Dlí 58/2021'[11].

(9) Le 'Reacht Éigeandála Rialtais 132/2020'[12], arna formheas le 'Dlí 282/2020'[13], agus na leasuithe a rinneadh air ina dhiaidh sin, 'Reacht Éigeandála Rialtais 182/2020'[14],

---

[3] Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 231 an 21 Márta 2020.
[4] Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 945 an 4 Deireadh Fómhair 2021.
[5] Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 61 an 20 Eanáir 2022.
[6] Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 720 de 10 Lúnasa 2020.
[7] Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 345 an 5 Aibreán 2021.
[8] Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 231 an 21 Márta 2020.
[9] Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 720 an 10 Lúnasa 2020.
[10] Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 945 an 4 Deireadh Fómhair 2021.
[11] Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 345 an 5 Aibreán 2021.
[12] Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 720 an 10 Lúnasa 2020.
[13] Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 1201 an 9 Nollaig 2020.

'Reacht Éigeandála Rialtais 211/2020'[15], a formheasadh le 'Dlí uimh. 58/2021'[16], 'Reacht Éigeandála Rialtais 220/2020'[17], 'Reacht Éigeandála Rialtais 226/2020'[18], 'Reacht Éigeandála Rialtais 44/2021'[19], 'Reacht Éigeandála Rialtais 111/2021'[20] agus 'Reacht Éigeandála Rialtais 2/2022'[21], dá dtagraítear in Airteagal 3(f) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1355, tugadh isteach beart lena soláthraítear liúntas tacaíochta 35 % den luach saothair dlite de réir an lae oibre, ar feadh tréimhse uasta de 3 mhí, le haghaidh saothraithe laethúla a scorann de bheith ag obair mar thoradh ar fhionraí gníomhaíochta gnó de dheasca thionchair ráig COVID-19. Síneadh an beart sin go dtí mí an Mheithimh 2022, 3 mhí tar éis dheireadh na staide éigeandála.

(10) Le 'Dlí 19/2020'[22], Airteagal 3, arna shíniú le 'Ordú Éigeandála Rialtais 147/2020'[23], Airteagal 4 alin (3), agus 'Ordú Éigeandála Rialtais 110/2021'[24], Airteagal 7, dá dtagraítear in Airteagal 3(h) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1355, soláthraíodh bónas cúraim leanaí le haghaidh fostaithe de chuid an chórais náisiúnta cosanta, peannadlanna, aonaid sláinte poiblí agus catagóirí eile de chuid na hearnála poiblí arna mbunú le horduithe aireachta. Tá an sochar ag brath ar an gcoinníoll nach mbaineann an tuismitheoir eile leas as cearta malartacha lena ndeonaítear laethanta saora do thuismitheoirí chun maoirseacht a dhéanamh ar leanaí i gcás dúnadh sealadach aonaid oideachais. Is féidir an beart sin a mheas mar bheart comhchosúil le scéimeanna oibre gearr-ama, dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2020/672, ós rud é go soláthraíonn sé tacaíocht ioncaim d'fhostaithe, rud a chabhróidh le costais cúraim leanaí a chumhdach le linn dúnadh scoile agus a chabhróidh le tuismitheoirí chun leanúint de bheith ag obair dá bhrí sin, rud a chuirfidh cosc ar an gcaidreamh fostaíochta a chur i mbaol. Síneadh an beart in imeacht ama, lena n-áirítear na blianta scoile 2021 agus 2022, agus leathnaíodh é freisin chun fostaithe san earnáil phríobháideach a áireamh.

(11) Le 'Dlí 136/2020'[25] agus na leasuithe a rinneadh air ina dhiaidh sin chomh maith le 'Reacht Éigeandála Rialtais 70/2020'[26], Airteagal 13, dá dtagraítear in iarraidh ón Rómáin an 26 Bealtaine 2022, deonaíodh sochar saoire breoiteachta do dhaoine atá i gcoraintín nó do dhaoine a bhfuil diagnóis faighte acu ina léirítear go bhfuil ionfhabhtú COVID-19 orthu.

(12) Le 'Reacht Éigeandála Rialtais 132/2020'[27], Airteagal 6, dá dtagraítear in iarraidh ón Rómáin an 26 Bealtaine 2022, áiríodh an beart le haghaidh tacaíocht airgeadais aonuaire RON 2 500 d'fhostóirí le haghaidh gach fostaí atá ag obair go cianda chun pacáistí d'earraí agus seirbhísí teicneolaíochta a cheannach atá riachtanach le haghaidh gníomhaíochtaí teilea-oibre. Tá feidhm ag an mbeart maidir le fostóirí a ndearna a

---

14 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 993 an 27 Deireadh Fómhair 2020.
15 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 1189 an 7 Nollaig 2020.
16 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 345 an 5 Aibreán 2021.
17 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 1326 an 31 Nollaig 2020.
18 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 1332 an 31 Nollaig 2020.
19 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 575 an 7 Meitheamh 2021.
20 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 945 an 4 Deireadh Fómhair 2021.
21 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 61 an 20 Eanáir 2022.
22 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 209 an 14 Márta 2020.
23 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 790 an 28 Lúnasa 2020.
24 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 945 an 4 Deireadh Fómhair 2021.
25 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 634 de 18 Iúil 2020; arna athfhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 884 an 28 Meán Fómhair 2020.
26 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 394 an 14 Bealtaine 2020.
27 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 720 an 10 Lúnasa 2020.

bhfostaithe teilea-obair le linn na staide éigeandála ar feadh 15 lá oibre ar a laghad in 2020. Is féidir an beart sin a mheas mar bheart atá comhchosúil le scéimeanna oibre gearr-ama, dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2020/672, mar gheall ar an gcuspóir agus an éifeacht eacnamaíoch atá beartaithe dó. Trí theilea-obair a éascú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19, cabhraíonn sé leis an gcaidreamh fostaíochta a chaomhnú. Soláthraítear leis freisin tacaíocht ioncaim d'fhostaithe i bhfoirm sochar imeallach, lena gcabhraítear na costais a bhaineann le caiteachas oifige baile a chumhdach chun go bhféadfar obair a dhéanamh le linn dianghlasála agus srianta ina dhiaidh sin.

(13) Chun aghaidh a thabhairt ar ráig COVID-19, thug an Rómáin isteach sraith beart a bhaineann leis an tsláinte freisin agus chuir sí síneadh breise leis an tsraith sin. Go sonrach, baineann sin leis na bearta a leagtar amach in aithrisí (14) go (34).

(14) Le 'Reacht Éigeandála Rialtais 11/2020'[28] agus na sínte a rinneadh uirthi ina dhiaidh sin le 'Reacht Éigeandála Rialtais 131/2020'[29], Airteagal 2, agus 'Dlí 136/2020'[30], Airteagal 6, dá dtagraítear in Airteagal 3(g) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1355, soláthraítear bónas le haghaidh obair bhreise le haghaidh pearsanra na struchtúr speisialtachta Institiúid Náisiúnta na Sláinte Poiblí agus na stiúrthóireachtaí sláinte poiblí contae agus/nó stiúrthóireacht sláinte poiblí Bhúcairist a ghníomhaíonn chun bearta a chomhordú agus a chur chun feidhme maidir le himeachtaí a bhaineann le éigeandáil sláinte poiblí domhanda COVID-19 a chosc agus a theorannú. Leis an mbeart sin soláthraítear sochar is comhionann le 75 % den bhuntuarastal le haghaidh uaireanta arna n-oibriú le linn gnáthuaireanta oibre agus suas le 100 % den bhuntuarastal le haghaidh uaireanta arna n-oibriú le linn an deireadh seachtaine, laethanta saoire dlíthiúla agus laethanta eile nach n-áirítear mar laethanta oibre. Is féidir an beart sin a mheas mar bheart a bhaineann leis an tsláinte phoiblí, dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2020/672. Síneadh an beart sin in 2020, 2021 agus 2022 agus leanann sé de bheith i bhfeidhm fad a cháilíonn an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte COVID-19 mar phaindéim dhomhanda.

(15) Le 'Dlí 56/2020'[31], Airteagal 7, agus an leasú a rinneadh air ina dhiaidh sin le 'Reacht Éigeandála Rialtais 116/2021'[32], dá dtagraítear in Airteagal 3(i) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1355, deonaítear mar bheart sealadach bónas suas le 30 % le haghaidh dálaí oibre atá thar a bheith contúirteach chun aitheantas a thabhairt d'fhiúntas pearsanra leighis a bhí rannpháirteach sna gníomhaíochtaí leighis i gcoinne COVID-19. Bhí an beart i bhfeidhm ar feadh na tréimhse ó mhí an Mhárta 2020 go mí Lúnasa 2020. Leathnaíodh an beart chun an pearsanra atá freagrach as bearta sláintíocha a fhorfheidhmiú faoin Aireacht Gnóthaí Baile a chur san áireamh.

(16) Le 'Reacht Éigeandála Rialtais 131/2020'[33], Airteagal 1(1a) agus (1b), dá dtagraítear in iarraidh ón Rómáin an 26 Bealtaine 2022, ceadaítear bónas idir 30 % agus 40 % den bhuntuarastal leis an bpearsanra de chuid stiúrthóireachtaí sláinte poiblí contae agus de chuid stiúrthóireacht sláinte poiblí Bhúcairist. Bainfidh an stiúrthóir feidhmiúcháin agus na leas-stiúrthóirí feidhmiúcháin leas as bónas 40 % den bhuntuarastal; bainfidh

---

[28] Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 102 an 11 Feabhra 2020.
[29] Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 720 an 10 Lúnasa 2020.
[30] Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 634 an 18 Iúil 2020; arna athfhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 884 an 28 Meán Fómhair 2020.
[31] Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 402 an 15 Bealtaine 2020.
[32] Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 951 an 5 Deireadh Fómhair 2021.
[33] Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 720 an 10 Lúnasa 2020.

státseirbhísigh atá fostaithe leis an tseirbhís rialaithe sa tsláinte phoiblí leas as bónas 30 % den bhuntuarastal.

(17) Le 'Dlí uimh. 136/2020'[34], Airteagal 19(3), dá dtagraítear in iarraidh ón Rómáin an 26 Bealtaine 2022, deonaítear liúntas iasachta 50 % agus bónas laethúil 2 % den bhuntuarastal le haghaidh speisialtóirí leighis, pearsanra paraimhíochaine agus cúnta sa chóras poiblí. Is dó phearsanra ar iasacht, i gcásanna riosca eipidéimeolaíoch nó bitheolaíoch ar feadh téarma 30 lá, d'aonaid sláinte a bhfuil ganntanas pearsanra iontu, agus atá freagrach as leathadh COVID-19 a theorannú nó a chosc, atá an liúntas.

(18) Le 'Cinneadh Rialtais 254/2020'[35], airteagal aonair, 'Cinneadh Rialtais 840/2020'[36], airteagal aonair, 'Cinneadh Rialtais 383/2021'[37], airteagal aonair, 'Cinneadh Rialtais 1072/2021'[38] agus 'Cinneadh Rialtais 496/2022'[39], dá dtagraítear in iarraidh ón Rómáin an 26 Bealtaine 2022, ceadaíodh costais tuarastail airgeadais shealadacha a bhain le 2 000 post nua a chruthú chun na stiúrthóireachtaí sláinte agus na seirbhísí otharchairr poiblí (1 000 sa dá chatagóir) a dhaingniú chun gníomhú in aghaidh leathadh COVID-19.

(19) Le 'Cinneadh Rialtais 1035/2020'[40], airteagal aonair, pointe 3, dá dtagraítear in iarraidh ón Rómáin an 26 Bealtaine 2022, deonaítear bónas idir 75 % agus 85 % den bhuntuarastal le haghaidh pearsanra leighis speisialtachta agus pearsanra leighis cúntacha ó aonaid sláinte poiblí nó óna struchtúir, de réir mar is infheidhme, agus le haghaidh pearsanra speisialtachta ó na struchtúir leighis pharachliniciúla a bhfuil baint dhíreach acu le hiompar, trealamh, measúnú, diagnóisic agus cóir leighis a chur ar othair diagnóisithe le COVID-19.

(20) Le 'Reacht Éigeandála Rialtais 1031/2020'[41] agus 'Reacht Éigeandála Rialtais 3/2021'[42], dá dtagraítear in iarraidh ón Rómáin an 26 Bealtaine 2022, ceadaíodh íocaíocht le pearsanra sláintíoch leighis agus le cláraitheoirí a dhéanann a ngníomhaíochtaí laistigh de lárionaid vacsaínithe arna n-eagrú in ionaid eile nach bhfuil sna haonaid sláinte. Mhaoinigh an beart caiteachas reatha agus caipitil freisin chun na hionaid vacsaínithe (arna n-eagrú i suíomhanna nach saoráidí sláinte iad) a chur i bhfeidhm.

(21) Le 'Reacht Éigeandála Rialtais 3/2021'[43] agus 'Cinneadh Rialtais 1031/2020'[44], dá dtagraítear in iarraidh ón Rómáin an 26 Bealtaine 2022, ceadaíodh íocaíocht le pearsanra leighis sláintíoch agus leis na cláraitheoirí leighis a dhéanann a ngníomhaíocht laistigh de na haonaid vacsaínithe in aghaidh COVID-19 arna n-eagrú in aonaid sláinte, chomh maith le híocaíocht leis na dochtúirí teaghlaigh le haghaidh na ngníomhaíochtaí a sholáthraítear chun na gcríoch sin.

---

34 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 634 an 18 Iúil 2020; arna athfhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 884 an 28 Meán Fómhair 2020.
35 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 272 an 1 Aibreán 2020.
36 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 924 an 9 Deireadh Fómhair 2020.
37 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 335 an 1 Aibreán 2021.
38 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 951 an 5 Deireadh Fómhair 2021.
39 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 357 an 11 Aibreán 2022.
40 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 1179 an 04 Nollaig 2020.
41 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 1171 an 3 Nollaig 2020.
42 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 50 an 15 Eanáir 2021.
43 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 50 an 15 Eanáir 2021.
44 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 1171 an 3 Nollaig 2020.

(22) Le 'Cinneadh Rialtais' 1031/2020'[45], dá dtagraítear in iarraidh ón Rómáin an 26 Bealtaine 2022, rinneadh rialú ar cheannach dáileog vacsaíne COVID-19. Thug an Coimisiún Eorpach na creat-chomhaontuithe chun críche thar ceann na mBallstát agus ar mhaithe le Ballstáit an Aontais.

(23) Le 'Cinneadh Rialtais 201/2020'[46], 'Cinneadh Rialtais 1103/2020'[47] agus 'Ordú ón Aireacht Sláinte 725/2020'[48], dá dtagraítear in iarraidh ón Rómáin an 26 Bealtaine 2022, rinneadh rialú ar na costais maidir le daoine a chur i gcoraintín i limistéir ainmnithe ina ndearnadh diagnóis dheimhnithe COVID-19, nó daoine sa liosta arna bhunú ag Modheolaíocht Faireachais COVID-19 agus an fhoireann leighis diagnóisithe le COVID-19 nach bhfuil gá le hospidéalú ina leith nó foireann a bhí ag idirghníomhú le hothair agus a roghnaíonn fanacht ón mbaile. Leis an mbeart cumhdaítear liúntais ghinearálta (le haghaidh nithe amhail bia, cóiríocht, iompar agus cógais leighis).

(24) Le 'Cinneadh Rialtais 1092/2020'[49], 'Cinneadh Rialtais 380/2021'[50], 'Cinneadh Rialtais 1017/2021'[51] agus 'Cinneadh Rialtais 1190/2021'[52], ceadaíodh an cógas leighis 'Remdesivir' agus cógas leighis antashubstaintí monaclónacha a cheannach le haghaidh cóireáil COVID-19 ina bhfuil Casirivimab agus Imdevimab. Rinne an Coimisiún Eorpach na nósanna imeachta soláthair don dá chógas leighis thar ceann na mBallstát laistigh de chreatchonarthaí[53] dá dtagraítear in iarraidh ón Rómáin an 26 Bealtaine 2022.

(25) Le 'Ordú ón Rialtas 487/2020'[54], dá dtagraítear in iarraidh ón Rómáin an 26 Bealtaine 2022, ceadaíodh cógais leighis a cheannach le haghaidh cóireáil a chur ar othair ionfhabhtaithe le COVID-19. Thug an Aireacht Sláinte creatchonradh i gcrích le haghaidh 'Tocilizumabum' a sholáthar.

(26) Le 'Reacht Rialtais 19/2021'[55] agus 'Dlí 55/2020'[56], dá dtagraítear in iarraidh ón Rómáin an 26 Bealtaine 2022, leagtar amach an soláthar dreasachtaí, i bhfoirm dearbháin bhéile ar mhéid RON 100 chun daoine atá vacsaínithe leis an scéim iomlán.

(27) Le 'Reacht Éigeandála Rialtais 131/2020'[57], Airteagal 5, dá dtagraítear in iarraidh ón Rómáin an 26 Bealtaine 2022, ceadaíodh méadú sealadach 30 % den bhuntuarastal le haghaidh fhoireann institiúidí an rialtais atá rannpháirteach chun tionchar COVID-19 a chosc agus a chomhrac le haghaidh na tréimhse ó mí Lúnasa 2020 go mí Feabhra 2021.

---

45 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 1171 an 03 Nollaig 2020.
46 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 224 an 19 Márta 2020.
47 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 1259 an 18 Nollaig 2020.
48 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 350 an 30 Aibreán 2020.
49 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 1251 an 17 Nollaig 2020.
50 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 328 an 31 Márta 2021.
51 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 935 an 30 Meán Fómhair 2021.
52 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 1081 an 11 Samhain 2021.
53 Creat-chomhaontú– SANTE/2020/C3/048 le haghaidh 'Remdivisir' agus Creat-Chomhaontú – SANTE/2020/C3/091 le haghaidh cógas leighis antashubstaintí monaclónacha.
54 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 242 an 24 Márta 2020.
55 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 834 an 31 Lúnasa 2021.
56 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 396 an 15 Bealtaine 2020.
57 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 720 de 10 Lúnasa 2020.

(28) Le 'Reacht Éigeandála Rialtais 186/2020'[58], dá dtagraítear in iarraidh ón Rómáin an 26 Bealtaine 2022, cumhdaíodh caiteachais 200 dochtúir cónaitheach breise a raibh gá leo de dheasca na paindéime.

(29) Le 'Reacht Éigeandála Rialtais 11/2020'[59], dá dtagraítear in iarraidh ón Rómáin an 26 Bealtaine 2022, ceadaíodh táirgí leighis agus trealamh cosanta pearsanta a cheannach chun an phaindéim a chomhrac (e.g. coisbheart cosantach, lámhainní, maisc, aerálaithe, sínteáin, etc.) chun stoic éigeandála leighis a bhunú agus a chomhdhlúthú.

(30) Le 'Dlí 319/2006'[60], 'Dlí 55/2020'[61] agus 'an tOrdú Comhpháirteach ón Aireacht Saothair agus ón Aireacht Sláinte 3577/831/2020'[62], dá dtagraítear in iarraidh ón Rómáin an 26 Bealtaine 2022, rinneadh rialú ar ábhair cosanta shláintíocha a cheannach le haghaidh fostaithe de chuid na hAireachta Gnóthaí Baile.

(31) Le 'Reacht Éigeandála Rialtais 197/2020'[63], dá dtagraítear in iarraidh ón Rómáin an 26 Bealtaine 2022, ceadaíodh íocaíochtaí le mic léinn leighis dheonacha a d'oibrigh le haghaidh ospidéal/institiúidí cúraim sláinte chun tacaíocht éigeandála a sholáthar.

(32) Le 'Ordú ón Aireacht Sláinte 487/2020'[64], dá dtagraítear in iarraidh ón Rómáin an 26 Bealtaine 2022, ceadaíodh dhá tháirge cógaisíochta ('Molnupiravir' agus 'Anakinra') a cheannach atá le húsáid chun cóireáil a chur ar othair COVID-19.

(33) Le 'Dlí 95/2006'[65], Airteagal 51, 'Cinneadh Rialtais 155/2017'[66] agus 'Ordú ón Aireacht Sláinte 377/2017'[67], dá dtagraítear in iarraidh ón Rómáin an 26 Bealtaine 2022, rinneadh rialú ar chistiú le haghaidh thástáil COVID-19 ar leibhéal na n-aonad speisialaithe. Déantar seirbhísí tástála saotharlainne RT-PCR a mhaoinítear faoin gClár Náisiúnta um Fhaireachas agus Rialú Galar Tógálach Tosaíochta ar chatagóirí daoine arna mbunú le Modheolaíocht Faireachais Géarshiondróm Riospráide COVID-19 nua nó le hordú ón Aire Sláinte.

(34) Le 'Ordú ón Aire Sláinte 58/4/2022'[68], dá dtagraítear in iarraidh ón Rómáin an 26 Bealtaine 2022, rinneadh rialú ar chistiú tástála ag dochtúirí teaghlaigh le haghaidh ionfhabhtú COVID-19 a bhrath. Maoinítear an obair tástála a dhéanann dochtúirí teaghlaigh trí aistrithe ó bhuiséad an Stáit, trí bhuiséad na hAireachta Sláinte chuig buiséad an Chiste Árachais Sláinte náisiúnta Aonair.

(35) Comhlíonann an Rómáin na coinníollacha maidir le cúnamh airgeadais a iarraidh a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2020/672. Chuir an Rómáin fianaise chuí ar fáil don Choimisiún a léiríonn go bhfuil méadú de EUR 3 321 482 911 tagtha ar chaiteachas poiblí iarbhír agus ar chaiteachas poiblí pleanáilte ón 1 Feabhra 2020 amach mar thoradh ar na bearta náisiúnta a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí socheacnamaíocha ráig COVID-19. Is mórmhéadú tobann é seo ós rud é go

58 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 1005 an 29 Deireadh Fómhair 2020.
59 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 102 an 11 Feabhra 2020.
60 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 646 an 26 Iúil 2006.
61 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 396 an 15 Bealtaine 2020.
62 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 403 an 16 Bealtaine 2020.
63 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 1108 an 19 Samhain 2020.
64 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 242 an 24 Márta 2020.
65 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 372 an 28 Aibreán 2006; arna athfhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 652 an 28 Lúnasa 2015.
66 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 222 an 31 Márta 2017.
67 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 223 an 31 Márta 2017.
68 Arna fhoilsiú i Monatóir Oifigiúil na Rómáine uimh. 33 an 11 Eanáir 2022.

mbaineann sé freisin le bearta nua agus le síneadh ar na bearta reatha a bhaineann go díreach le scéimeanna oibre gearr-ama agus le bearta comhchosúla lena gcumhdaítear cuid shuntasach de ghnóthais agus de lucht saothair na Rómáine. Tá sé beartaithe ag an Rómáin EUR 353 704 624 de mhéid méadaithe an chaiteachais a mhaoiniú trí chistí an Aontais.

(36) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an Rómáin chun fíorú a dhéanamh maidir leis an mórmhéadú tobann ar chaiteachas poiblí iarbhír agus ar chaiteachas poiblí pleanáilte a bhaineann go díreach le scéimeanna oibre gearr-ama agus le bearta comhchosúla, chomh maith le bearta sláinte a bhaineann le ráig COVID-19, dá dtagraítear san iarraidh an 26 Bealtaine 2022, i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2020/672.

(37) Is é EUR 2 141 579 582 an méid atá sna bearta a bhaineann leis an tsláinte a d’iarr an Rómáin, lena n-áirítear na bearta breise nó na beartaithe sínithe a bhaineann leis an tsláinte dá dtagraítear in aithrisí (14) go (34). I bhfianaise an gá atá ann cineál coimhdeach na catagóire beart sin a áirithiú, is gá méid an chúnaimh airgeadais chun tacú le bearta a bhaineann le sláinte a laghdú ós rud é gur lú é ná leath an chúnaimh airgeadais iomláin atá beartaithe a chaitheamh ar gach beart incháilithe.

(38) Ba cheart na bearta nua dá dtagraítear in aithrisí (11), (12) agus (16) go (34) a chumhdach le cúnamh airgeadais arna dheonú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1355 cheana féin.

(39) Laghdaítear an cúnamh airgeadais arna dheonú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1355 ó EUR 4 099 244 587 go EUR 3 000 000 000. Tá an Rómáin fós tiomanta an cúnamh airgeadais a deonaíodh a a ionsú go hiomlán agus ba cheart di bearta breise incháilithe a shainaithint i gcás nach leor na bearta atá sa togra seo cheana.

(40) Ba cheart don Rómáin agus don Choimisiún an Cinneadh seo a chur san áireamh sa chomhaontú iasachta dá dtagraítear in Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2020/672.

(41) Ba cheart don Chinneadh seo a bheith gan dochar do thoradh aon nósanna imeachta a d’fhéadfaí a chur ar bun a bhaineann le saobhadh fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, go háirithe de bhun Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraítear an ceanglas atá ar na Ballstáit cásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann a chur in iúl don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh.

(42) Ba cheart don Rómáin an Coimisiún a chur ar an eolas ar bhonn rialta maidir le cur chun feidhme an chaiteachais phoiblí atá beartaithe, chun an Coimisiún a chumasú measúnú a dhéanamh ar a mhéid a chuir an Rómáin an caiteachas sin chun feidhme.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1355 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Cuirfidh an tAontas iasacht ar fáil don Rómáin arb é uasmhéid EUR 3 000 000 000 a bheidh inti. 15 an uastréimhse aibíochta ar an meán a bheidh ag an iasacht sin.”;

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

'Airteagal 3

Is féidir leis an Rómáin na bearta seo a leanas a mhaoiniú:

(a) an sochar dífhostaíochta teicniúil d'fhostaithe de chuidfostóirí a laghdaítear nó a gcuirtear isteach go sealadach ar a ngníomhaíocht, dá bhforáiltear in 'Reacht Éigeandála Rialtais 30/2020', Airteagal XI, arna leathnú le 'Reacht Éigeandála Rialtais 111/2021', arna leathnú le 'Reacht Éigeandála Rialtais 2/2022';

(b) bhain an sochar le daoine ar fionraíodh a gconradh fostaíochta, dá bhforáiltear i Reacht Éigeandála Rialtais 92/2020', Airteagal I;

(c) an scéim oibre gearr-ama, dá bhforáiltear i 'Reacht Éigeandála Rialtais 132/2020', Airteagal 1, arna leasú agus arna leathnú le 'Dlí 58/2021';

(d) an sochar atá comhchosúil leis an gceann dá dtagraítear i bpointe (a) le haghaidh catagóirí seachas fostaithe, lena n-áirítear daoine féinfhostaithe agus saorghairmeacha, dá bhforáiltear i 'Reacht Éigeandála Rialtais 30/2020', Airteagal XV, arna leathnú le 'Reacht Éigeandála Rialtais 111/2021', arna leathnú le 'Reacht Éigeandála Rialtais 2/2022';

(e) an sochar dá bhforáiltear le 'Dlí Uimh. 6/2020 ar bhuiséad Árachais Shóisialta an Stáit do 2020' le haghaidh catagóirí eile seachas fostaithe, lena n-áirítear daoine féinfhostaithe agus saorghairmeacha, dá bhforáiltear le 'Reacht Éigeandála Rialtais 132/2020', Airteagal 3, arna leasú agus arna leathnú le 'Dlí 58/2021';

(f) an liúntas tacaíochta le haghaidh saothraithe laethúla dá bhforáiltear in 'Reacht Éigeandála Rialtais 132/2020', Airteagal 4, arna fhormheas le 'Dlí 282/2020', agus na leasuithe a rinneadh air ina dhiaidh sin 'Reacht Éigeandála Rialtais 182/2020', Reacht Éigeandála Rialtais 211/2020' (arna fhormheas le Dlí uimh. 58/2021'), 'Reacht Éigeandála Rialtais 220/2020', 'Reacht Éigeandála Rialtais 226/2020', 'Reacht Éigeandála Rialtais 44/2021', 'Reacht Éigeandála Rialtais 111/2021', agus Reacht Éigeandála Rialtais 2/2022', agus faoi seach le haghaidh 'Reacht Éigeandála Rialtais 132/2020' le 'Dlí 58/2021';

(g) an bónas i leith obair bhreise le haghaidh pearsanra na struchtúr speisialtachta Institiúid Náisiúnta na Sláinte Poiblí agus na stiúrthóireachtaí sláinte poiblí contae agus/nó stiúrthóireacht sláinte poiblí Bhúcairist, dá bhforáiltear i 'Reacht Éigeandála Rialtais 11/2020', Airteagal 8(6), arna leathnú le 'Reacht Éigeandála Rialtais 131/2020, Airteagal 2' agus le 'Dlí 136/2020, Airteagal 6';

(h) an bónas cúraim leanaí arna dheonú le fostaithe an chórais náisiúnta cosanta, peannadlanna, aonaid sláinte poiblí agus catagóirí eile arna mbunú le horduithe aireachta, dá bhforáiltear le 'Reacht Éigeandála Rialtais 30/2020', Airteagal I(6); arna leathnú le 'Reacht Éigeandála Rialtais 147/2020, Airteagal 4(3)' agus 'Reacht Éigeandála Rialtais 110/2021, Airteagal 7;

(i) an bónas i leith dálaí atá thar a bheith contúirteach a dheonaítear mar aitheantas ar fhiúntas pearsanra leighis, dá bhforáiltear i 'Dlí Uimh. 56/2020', Airteagal 7, arna leathnú le 'Reacht Éigeandála Rialtais 116/2021';

(j) an sochar saoire breoiteachta a dheonaítear le daoine atá i gcoraintín agus le daoine a bhfuil diagnóis faighte acu go bhfuil ionfhabhtú COVID-19 orthu, dá bhforáiltear i ‘Dlí 136/2020’, agus arna leasú le ‘Reacht Éigeandála Rialtais 70/2020’, Airteagal 13;

(k) an tacaíocht airgeadais aonuaire a dheonaítear le fostóirí le haghaidh fostaithe chun gníomhaíochtaí teilea-oibre a dhéanamh, dá bhforáiltear le ‘Reacht Éigeandála Rialtais 132/2020’, Airteagal 6;

(l) an bónas de 30 % agus 40 % den bhuntuarastal a dheonaítear ar phearsanra na stiúrthóireachtaí sláinte poiblí contae agus stiúrthóireacht sláinte poiblí Bhúcairist, dá bhforáiltear in ‘Reacht Éigeandála Rialtais 131/2020, Airteagal 1(1)’;

(m) deonú liúntas iasachta 50 % agus bónas laethúil 2 % den bhuntuarastal le haghaidh speisialtóirí leighis, pearsanra paraimhíochaine agus cúnta sa chóras poiblí, dá bhforáiltear i ‘Reacht Éigeandála Rialtais 136/2020, Airteagal 19(3)’;

(n) maoiniú sealadach costas tuarastail a bhaineann le 2 000 a chruthú chun na stiúrthóireachtaí sláinte agus na seirbhísí otharchairr phoiblí a dhaingniú (1 000 sa dá chatagóir), chun gníomhú in éadan leathadh COVID-19, dá bhforáiltear i ‘Reacht Éigeandála Rialtais 254/2020, airteagal aonair’, ‘Reacht Éigeandála Rialtais 840/2020, airteagal aonair’, ‘Reacht Éigeandála Rialtais 383/2021, airteagal aonair’, ‘Cinneadh Rialtais 1072/2021’ agus ‘Cinneadh Rialtais 496/2022’;

(o) deonú bónais 75 % go 85 % den bhuntuarastal le haghaidh pearsanra leighis speisialtachta agus pearsanra leighis cúntacha ó aonaid sláinte poiblí nó óna struchtúir agus le haghaidh pearsanra speisialtachta ó na struchtúir leighis pharachliniciúla a bhfuil baint dhíreach acu le hiompar, trealamh, measúnú, diagnóisic agus cóireáil othar diagnóisithe le COVID-19, dá bhforáiltear i ‘Reacht Éigeandála Rialtais 1035/2020, airteagal aonair, pointe 3’;

(p) íocaíocht le pearsanra leighis sláintíoch agus leis na cláraitheoirí leighis a dhéanann a ngníomhaíocht laistigh de na haonaid vacsaínithe arna n-eagrú in áiteanna eile seachas iad siúd laistigh de na haonaid shláintíocha, dá bhforáiltear i ‘Reacht Éigeandála Rialtais 1031/2020’ agus ‘Reacht Éigeandála Rialtais 3/2021’;

(q) íocaíocht le pearsanra leighis sláintíoch agus leis na cláraitheoirí leighis a dhéanann a ngníomhaíocht laistigh de na haonaid vacsaínithe in aghaidh COVID-19 arna n-eagrú in aonaid sláinte, chomh maith le híocaíocht leis na dochtúirí teaghlaigh le haghaidh na ngníomhaíochtaí a sholáthraítear chun na gcríoch sin, dá bhforáiltear i ‘Reacht Éigeandála Rialtais 3/2021’ agus ‘Cinneadh Rialtais 1031/2020’;

(r) dáileog vacsaíne COVID-19 a cheannach, dá bhforáiltear i ‘Cinneadh Rialtais 1031/2020;

(s) na costais maidir le daoine a bhfuil diagnóis dheimhnithe COVID-19 orthu a chur i gcoraintín, daoine a bhunaítear le Modheolaíocht Faireachais COVID-19 agus foireann leighis diagnóisithe go bhfuil COVID-19 orthu nach gá a ospidéalú nó foireann a bhí i dteagmháil le hothair a roghnaigh fanacht ar shiúl ón mbaile, dá bhforáiltear i ‘Cinneadh Rialtais 201/2020’, ‘Cinneadh Rialtais 1103/2020’ agus ‘Ordú ón Aireacht 725/2020’;

(t) cógais leighis a cheannach (Remdesivir), dá bhforáiltear i ‘Cinneadh Rialtais 1092/2020’, ‘Cinneadh Rialtais 380/2021’, ‘Cinneadh Rialtais 1017/2021’ agus ‘Cinneadh Rialtais 1190/2021’.

(u) cógais leighis a cheannach (Tocilizumabum), dá bhforáiltear i ‘Ordú ón Aireacht Sláinte 487/2020’;

(v) cógas leighis antashubstaintí monaclónacha a cheannach le haghaidh cóireáil COVID-19 ina bhfuil Casirivimab agus Imdevimab, dá bhforáiltear i ‘Cinneadh Rialtais 1092/2020’, ‘Cinneadh Rialtais 380/2021’, ‘Cinneadh Rialtais 1017/2021’ agus ‘Cinneadh Rialtais 1190/2021’.

(w) na dearbháin bhéile le haghaidh na ndaoine atá vacsaínithe leis an scéim iomlán vacsaínithe i méid RON 100, dá bhforáiltear i ‘Reacht Rialtais 19/2021’, lena leasaítear ‘Dlí 55/2020’;

(x) méadú 30 % ar an mbuntuarastal le haghaidh na foirne d’fhoireann institiúidí an rialtais atá rannpháirteach maidir le tionchar COVID-19 a chosc agus a chomhrac, dá bhforáiltear i ‘Reacht Éigeandála Rialtais 131/2020, Airteagal 5’;

(y) na caiteachais chun 200 dochtúir cónaitheach breise a chumhdach a bhí ag teastáil de dheasca na paindéime, dá bhforáiltear i ‘Reacht Éigeandála Rialtais 186/2020’;

(z) Táirgí leighis agus trealamh cosanta pearsanta a cheannach chun an phaindéim a chomhrac (e.g. coisbheart cosantach, lámhainní, maisc, aerálaithe, sínteáin, etc.), dá bhforáiltear i ‘Reacht Éigeandála Rialtais 11/2020’;

(aa) ábhair cosanta shláintíocha a cheannach do phearsanra, dá bhforáiltear i ‘Dlí 319/2006’, ‘Dlí 55/2020’, agus ‘Ordú Comhpháirteach ón Aireacht Saothair agus ón Aireacht Sláinte 3577/831/2020’;

(bb) íocaíochtaí le mic léinn leighis dheonacha a d’oibrigh le haghaidh ospidéal/institiúidí cúraim sláinte chun tacaíocht éigeandála a sholáthar, dá bhforáiltear i ‘Reacht Éigeandála Rialtais 197/2020’;

(cc) cógais leighis a cheannach chun ionfhabhtuithe COVID-19 a chóireáil (ANAKINRA), dá bhforáiltear i ‘Ordú ón Aire Sláinte 487/2020’;

(dd) cógais leighis a cheannach chun ionfhabhtuithe COVID-19 a chóireáil (MOLNUPIRAVIR), dá bhforáiltear i ‘Ordú ón Aire Sláinte 487/2020’;

(ee) cistiú tástáil COVID-19 ar leibhéal na n-aonad speisialaithe, dá bhforáiltear i ‘Dlí 95/2006, Airteagal 51’, ‘Cinneadh Rialtais 155/2017’ agus ‘Ordú ón Aireacht Sláinte 377/2017;

(ff) cistiú tástáil COVID-19 ag dochtúirí teaghlaigh, dá bhforáiltear i ‘Ordú ón Aireacht Sláinte 58/4/2022’;

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

‘Airteagal 4

1. Cuirfidh an Rómáin an Coimisiún ar an eolas faoin 30 Márta 2021, agus gach 6 mhí ina dhiaidh sin, maidir le cur chun feidhme an chaiteachais phoiblí atá beartaithe go dtí go gcuirfear an caiteachas sin chun feidhme ina iomláine.

2. De bhrí go bhfuil na bearta dá dtagraítear in Airteagal 3 bunaithe ar chaiteachas poiblí atá beartaithe agus go bhfuil siad tar éis a bheith faoi réir Cinneadh Cur Chun Feidhme lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1355, cuirfidh an Rómáin an Coimisiún ar an eolas laistigh de 6 mhí ón dáta a glacadh an cinneadh sin, agus gach 6 mhí ina dhiaidh sin, maidir le cur chun

feidhme an chaiteachais phoiblí atá beartaithe go dtí go gcuirfear an caiteachas sin chun feidhme ina iomláine.’.

*Airteagal 2*

Is chuig an Rómáin a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*